2026/1867

31.7.2026

RIALACHÁN (AE) 2026/1867 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Iúil 2026

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 961/2010

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2026/1866 ón gComhairle an 30 Iúil 2026 lena leasaítear Cinneadh 2010/413/CBES a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh na hIaráine ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Iúil 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/413/CBES ([2]) agus an 23 Márta 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ([3]), a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine.

(2) An 29 Meán Fómhair 2025, tar éis smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe a bhaineann le cúrsaí núicléacha a ath-fhorchur ar an Iaráin i gcomhréir le Rún 2231 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/1972 ([4]) lenar leasaíodh Cinneadh 2010/413/CBES agus lenar ath-fhorchuireadh smachtbhannaí uile an Aontais a bhaineann le cúrsaí núicléacha ar an Iaráin, ar smachtbhannaí iad a bhí curtha ar fionraí nó foirceanta faoin bPlean Cuimsitheach Comhpháirteach Gníomhaíochta.

(3) An 30 Iúil 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/1866, lena dtugtar isteach maolú ar onnmhairiú, aistriú, díol nó soláthar earraí agus bogearraí áirithe lena n-úsáid san Iaráin, a bhfuil gá leo chun críoch sonrach, go háirithe chun iarratais ar víosaí a phróiseáil, ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais agus na mBallstát, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, san Iaráin.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle a leasú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

([1]) IO L, 2026/1866, 31.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1866/oj.
([2]) Cinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle an 26 Iúil 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2007/140/CBES (IO L 195, 27.7.2010, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/413/oj).
([3]) Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle an 23 Márta 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 961/2010 (IO L 88, 24.3.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/267/oj).
([4]) Cinneadh (CBES) 2025/1972 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Cinneadh 2010/413/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine (IO L, 2025/1972, 29.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1972/oj).

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 267/2012:

‘*Airteagal 7*

1. Gan dochar d’Airteagal 1b de Rialachán (AE) Uimh. 359/2011, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé téarmaí agus coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, údarú a dheonú le haghaidh idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 2(1) nó cúnamh nó seirbhísí bróicéireachta a dheonú dá dtagraítear in Airteagal 5(1) den Rialachán seo, ar choinníoll go bhfuil an méid seo a leanas ag baint leis na hearraí agus an teicneolaíocht, leis an gcúnamh nó leis na seirbhísí bróicéireachta:

(a) gur chun críoch bia, talmhaíochta, leighis nó chun críoch daonnúil eile iad; nó

(b) maidir le hearraí agus teicneolaíocht dé-úsáide mar a liostaítear in Iarscríbhinn I nó maidir le soláthar cúnamh teicniúil nó airgeadais i ndáil leis na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn I, go bhfuil gá leo chun críoch oifigiúil ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais agus na mBallstát, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, san Iaráin.

1a. Ní féidir maolú faoi mhír 1 a dheonú ach amháin:

(a) i gcás, sna cásanna sin ina mbaineann an t-idirbheart le hearraí nó teicneolaíocht i liosta Ghrúpa na Soláthróirí Ábhar Núicléach nó i liosta an Chórais Rialaithe um Theicneolaíocht Diúracán, i gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag an gCoiste Smachtbhannaí roimh ré agus ar bhonn cás ar chás gur léir nach rannchuideodh an t-idirbheart le forbairt teicneolaíochtaí chun tacú le gníomhaíochtaí núicléacha leathadh-íogaire na hIaráine, nó le córais seachadta forbartha armán núicléach a fhorbairt; agus

(b) i leith earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2021/821, gan dochar do na ceanglais údarúcháin a leagtar amach sa Rialachán sin.

2. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas, laistigh de 4 seachtaine, faoi aon údarú arna dheonú de bhun an Airteagail seo.’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Iúil 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE